An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC 0018/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Coronavirus (COVID-19): Socruithe Ionadaíochta Sealadacha agus Saoire Pearsanta Breise (EPV) do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna aitheanta - An Scoilbhliain 2021/22

## 1. Réamhrá

1.1 Cuireann an Nóta Faisnéise seo fostóirí ar an eolas faoi na socruithe athbhreithnithe don scoilbhliain 2021/22 maidir le leasuithe ar an Scéim Maoirseachta agus soláthar clúdach ionaid do roinnt neamhláithreachtaí múinteoirí. Tagann an Nóta Faisnéise seo in ionad Nóta Faisnéise 008/2020.

1.2 Aithnítear go leanfaidh an gá a bheidh ag bunscoileanna le clúdach múinteoirí ionaid breise sa scoilbhliain 2021/22 chun cabhrú le déileáil leis an bpaindéim COVID-19.

1.3 Caithfidh gach fostóir agus múinteoir cloí leis na téarmaí agus coinníollacha sa Nóta Faisnéise seo.

1.4 Is beart sealadach don scoilbhliain 2021/22 na socruithe athbhreithnithe seo i bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla.

## 2. Leasuithe ar an Scéim Maoirseachta

2.1 Faoi ghnáthchúinsí, clúdaítear múinteoir atá as láthair ar Shaoire Bhreoiteachta féin-dheimhnithe agus an chéad lá de Force Majeure/ Breoiteacht i Saoire Teaghlaigh tríd an Scéim Maoirseachta (i.e. ní chuirtear ionadaíocht ar fáil).

2.2 Ar aon dul leis na socruithe don scoilbhliain 2020/21, áfach, ní chlúdófar a leithéid de neamhláithreachtaí tríd an Scéim Maoirseachta don scoilbhliain 2021/22. Dá bhrí sin, féadfaidh fostóir múinteoir ionaid a cheapadh a íocann an Roinn/BOO dá leithéid de neamhláithreachtaí.

2.3 Chun amhras a sheachaint, ní athraíonn an leasú seo ar shocruithe ionaid teidlíocht mhúinteora aonair dá leithéid de shaoire.

## 3. Clúdach ionadaíoch do Shaoire Pearsanta neamh-ionadaíoch

3.1 Mar ghnáthnós, ní íocann an Roinn/BOO clúdach ionaid do na neamhláithreachtaí Saoire Pearsanta seo a leanas:

- Saoire Pósta/Comhpháirtíochta Sibhialta
- Oirniú/Admháil Chreidimh Ball Teaghlaigh
- Bronnadh Céime ar Mhúinteoir/ Ball Teaghlaigh
- Pósadh Ball Teaghlaigh/Gaol Gairid/Gaol Cleamhnais
- Finné sa Chúirt
- Scaradh Dlíthiúil
- Iarrthóir sa Toghchán Áitiúil
- Ball de Chomhlachtaí Poiblí
- Saoire Scrúdaithe
- Saoire Staidéir

3.2 Don scoilbhliain 2021/22, áfach, féadfaidh fostóir múinteoir ionaid a cheapadh a íocfaidh an Roinn/BOO as na neamhláithreachtaí Saoire Pearsanta a liostaítear thuas.

3.3 Chun amhras a sheachaint, ní athraíonn an leasú seo ar shocruithe ionaid teidlíocht mhúinteora aonair i leith na saoire sin.

## 4. Saoire Pearsanta Breise (EPV)

4.1 Clúdach Ionaid do Shaoire EPV:

i. I ngnáthchúinsí, ní íocann an Roinn/BOO clúdach ionaid do Shaoire EPV.

ii. Ar aon dul leis an scoilbhliain 2020/21, áfach, íocfaidh an Roinn/BOO as clúdach ionaid don chéad lá de Shaoire EPV a ghlacann múinteoir sa scoilbhliain 2021/22.

iii. Ní féidir Saoire EPV a ghlacadh ina dhiaidh sin ach nuair is beag an tionchar a bhíonn ar fheidhmiú na scoile, lena n-áirítear a Plean Freagartha COVID-19, agus nuair is féidir é sin a dhéanamh gan cur isteach ar theagasc an ranga agus gan an rang-ghrúpa a roinnt idir ranganna eile.

iv. Chun amhras a sheachaint, ní chuirfidh an Roinn/BOO clúdach ionaid ar fáil tar éis an chéad lá de Shaoire EPV a ghlacann múinteoir sa scoilbhliain 2021/22.

4.2 Saoire EPV a thabhairt ar aghaidh:

i. Don scoilbhliain 2020/2021, áirítear leis na bearta, i gcás nárbh fhéidir le múinteoir an Saoire EPV iomlán a ghlacadh le linn na scoilbhliana 2020/21, mar gheall ar na forálacha thuas, gur féidir Saoire carntha EPV neamh-thógtha a thabhairt ar aghaidh go dtí an scoilbhliain 2021/22.

ii. Beidh beart den chineál céanna i bhfeidhm arís sa scoilbhliain 2021/22 ionas, má tharlaíonn de bharr na bhforálacha thuas, nach féidir le múinteoir an Saoire EPV iomlán a thógáil le linn na scoilbhliana 2021/22, gur féidir an Saoire EPV neamh-thógtha carntha a thabhairt ar aghaidh chuig an scoilbhliain 2022/23.

iii. De réir an bhirt roimhe seo, beidh tabhairt ar aghaidh faoi réir uasteidlíocht 5 lá Saoire EPV ag múinteoir aonair sa scoilbhliain 2022/23. Chun amhras a sheachaint, ní féidir le múinteoir aonair teidlíocht saoire EPV de níos mó ná 5 lá a bheith aige/aici don scoilbhliain 2021/22 ná don scoilbhliain 2022/23.

iv. Ní athraíonn na riachtanais maidir le faomhadh an fhostóra do EPV faoin Nóta Faisnéise seo.

## 5. Saoire a Thaifeadadh

5.1 Meabhraítear d'fhostóirí go gcaithfear gach saoire ceadaithe a thaifeadadh go tráthúil ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

## 6. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

6.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta/Oideachais agus Oiliúna agus ar gach múinteoir i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

6.2 Ba chóir gach ceist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús agus b'fhéidir gur mhaith leis/léi dul i dteagmháil lena (h)eagraíocht ionadaíoch. Is féidir aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

- Fiosruithe maidir le teidlíochtaí: teachersna@education.gov.ie
- Fiosruithe maidir le feidhmiú na socruithe ionadaíochta: Primtch_payroll@education.gov.ie

6.3 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie/

| | | |
|---|---|---|
| **Mark Bohan** | **Clare Butler** | **Sinéad Keenaghan** |
| **Príomhoifigeach** | **Príomhoifigeach** | **Príomhoifigeach** |
| **Caidrimh Foirne Seachtrach** | **Rannóg Téarmaí&Coinníollacha Múinteora/CRS** | **Rannóg Párolla** |

**28 Meitheamh 2021**